C/2024/3411

28.5.2024

Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú nach mion ar shonraíocht táirge maidir le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/3411)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, nós imeachta freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), .

IARRAIDH AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

‘ Garda ’

PDO-IT-A1320-AM02

Dáta an iarratais: 9.2.2017

1. Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú

Airteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh.°1308/2013 – Modhnú nach mion

2. Tuairisc ar an leasú agus cúiseanna atá leis

2.1. *Cineálacha nua fíona a thabhairt isteach*

Tuairisc: Cuireadh trí chineál nua fíona, Garda Bianco, Garda Rosso agus Garda Rosé, lena n áirítear Passito (fíon rísíní), leis na catagóirí seo a leanas: fíon súilíneach, fíon súilíneach ar ardchaighdeán agus fíon leathshúilíneach le haghaidh na gcineálacha geala agus rosé. Tá cuimsiú sa chatagóir fíona leathshúilínigh beartaithe freisin le haghaidh cineálacha fíona ag a bhfuil sonraíochtaí cineálacha amhail Garganega, Chardonnay agus Pinot Grigio, féadfaidh an ceann deireanach sin a bheith súilíneach freisin.

Cúiseanna: Cuireadh na trí chineál nua fíona sin isteach chun táirgeadh fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha go príomha a cheadú mar léiriú ar limistéar fíonsaothrúcháin Garda ina iomláine, agus déanfar na cainníochtaí a tháirgtear a mhéadú ionas go bhféadfaí freastal ar an éileamh sna margaí idirnáisiúnta. Is iad seo a leanas na trí chineál nua fíona, de réir catagóirí fíona:

1. Garda Bianco sna catagóirí fíona (1), fíon súilíneach (4), fíon súilíneach ar ardchaighdeán (5), agus fíon leathshúilíneach (8);

2. Garda Rosé/Rosato sna catagóirí fíon súilíneach (4), fíon súilíneach ar ardchaighdeán (5) agus fíon leathshúilíneach (8);

3. Garda Rosso sa chatagóir fíona (1) amháin.

I gcatagóir an fhíona leathshúilínigh (8), ceadaítear tásc an chineáil fíonchaoire i gcás Garganega, Chardonnay agus Pinot Grigio.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: na hAirteagail uile den tsonraíocht táirge agus ranna 4, ‘Tuairisc ar na fíonta’, 5.2, ‘Uastáirgeacht’ agus 7, ‘Príomhchineálacha fíonchaor’ den doiciméad aonair.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11. Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

2.2. *Scriosadh dhá chineál ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire*

Tuairisc: Scriosadh dhá chineál ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire, is iad sin Tocai Friulano (comhchiallach Tai nó Tuchì) agus Barbera.

Cúiseanna: Níor éilíodh ná níor úsáideadh na cineálacha Tocai Friulano (comhchiallach Tai nó Tuchì) agus Barbera faoi ATFC Garda agus dá bhrí sin scriosadh iad.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: airteagail 1, 2 agus 6 den tsonraíocht táirge agus ranna 4, 'Tuairisc ar na fíonta', 5.2, 'Uastáirgeacht' agus 7, 'Príomhchineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

2.3. *Úsáid chomhchiallaigh na gcineálacha Cabernet agus Riesling*

Tuairisc: Chun rudaí a shimpliú, tagraítear d'fhíonta a dhéantar as fíonchaora Riesling Italico agus/nó Riesling B. mar Riesling, agus tagraítear d'fhíonta a dhéantar as fíonchaora Cabernet Sauvignon agus/nó Cabernet Franc agus/nó Carmenere mar Cabernet.

Cúiseanna: Sonraíodh gur féidir an cineál ar a bhfuil tásc den chineál Cabernet a dhéanamh as fíonchaora Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc agus Carmenere, agus gur féidir an cineál sin ar a bhfuil tásc den chineál Riesling a dhéanamh as fíonchaora Riesling B. agus Riesling Italico.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: na hAirteagail ábhartha uile den tsonraíocht táirge agus roinn 7, 'Príomhchineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

2.4. *Cineál déchineálach a thabhairt isteach*

Tuairisc: Tugadh isteach cineál déchineálach, ar a bhfuil tásc de dhá chineál fíonchaoire den dath céanna.

Cúiseanna: Liostaítear na cineálacha fíonchaoire ar féidir a úsáid le haghaidh an chineáil dhéchineálaigh in Airteagal 1(a). Ní mór na cineálacha a úsáidtear a bheith den dath céanna. Déantar an cineál déchineálach a úsáid agus a dheimhniú go forleathan cheana féin faoi ainmneacha comhfhreagracha eile le haghaidh fíonghort agus cineálacha atá oiriúnach freisin do ATFC Garda, go háirithe i gcúige Verona.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 2 den tsonraíocht táirge.

2.5. *An fo-limistéar 'Classico' a scriosadh*

Tuairisc: Scriosadh an fo-limistéar 'Classico'.

Cúiseanna: Bhí an fo-limistéar 'Classico', a scriosadh, ina tagairt go heisiach don chuid de limistéar fíonsaothrúcháin ATFC Garda atá comhdhéanta de chúige Brescia, a cumhdaíodh go hiomlán cheana féin le ATFC 'Riviera del Garda Bresciano'.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 3 den tsonraíocht táirge agus pointe 6, 'Limistéar geografach críochaithe' den doiciméad aonair.

2.6. *Meascán leasaithe de chineálacha fíonchaoire le haghaidh Garda Bianco agus Rosso*

Tuairisc: maidir leis an gcineál Garda Bianco, ní mór 50 % de na cineálacha seo a leanas ar a laghad a bheith i meascán na gcineálacha fíonchaoire: Garganega, Trebbiano, Chardonnay agus Pinot Grigio, ina n aonar nó le chéile; maidir leis na cineálacha Garda Rosso agus Rosé, ní mór 50 % de mheascán na gcineálacha fíonchaoire ar a laghad bheith comhdhéanta d'fhíonchaora Corvina, Merlot, Cabernet nó Pinot Noir, ina n-aonar nó le chéile.

Cúiseanna: maidir le Garda Bianco, is iad Garganega, Trebbiano, Chardonnay agus Pinot Grigio na ceithre phríomhchineál fíonchaoire gile a fhástar i limistéar an ainmniúcháin, agus is iad Corvina, Merlot agus Cabernet na trí phríomhchineál fíonchaoire duibhe a fhástar sa limistéar sin le haghaidh Garda Rosso. Cuireadh an cineál Pinot Nero leis na trí chinn sin toisc go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh fíon súilíneach mar gheall ar a cháilíochtaí.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 2 den tsonraíocht táirge.

2.7. *Táirgeachtaí fíonchaor in aghaidh an heicteáir leasaithe*

Tuairisc: Méadaíodh na huastáirgeachtaí fíonchaor in aghaidh an heicteáir, go háirithe le haghaidh na príomhchineálacha fíonchaoire is leithne dá bhfástar i limistéar fíonsaothrúcháin Verona den ATFC Garda.

Cineálacha fíonchaor geal:

ó 16 go 18 dtona in aghaidh an heicteáir le haghaidh Garganega;

ó 12 go 15 thona in aghaidh an heicteáir le haghaidh Pinot Grigio;

ó 12 go 15 thona in aghaidh an heicteáir le haghaidh Chardonnay.

Cineálacha fíonchaoire duibhe:

ó 13 go 15 thona in aghaidh an heicteáir le haghaidh Corvina;

ó 12 go 15 thona in aghaidh an heicteáir le haghaidh Cabernet;

ó 13 go 15 thona in aghaidh an heicteáir le haghaidh Merlot.

Maidir leis na cineálacha Garda Bianco, Garda Rosso agus Garda Rosé, coigeartaíodh an táirgeacht fíonchaor in aghaidh an heicteáir ar bhonn na n-uastáirgeachtaí táirgthe le haghaidh an dá phríomhchineál i dtéarmaí saothraithe, i.e. Garganega le haghaidh Garda Bianco le 18 dtona in aghaidh an heicteáir agus Corvina nó Merlot le haghaidh Garda Rosso agus Rosé le 15 thona in aghaidh an heicteáir.

Cúiseanna: Méadaíodh táirgeachtaí fíonchaor in aghaidh an heicteáir 15 % ar a mhéad. Tá gá leis an méadú ar tháirgeacht fíonchaor chun táirgeadh fíona a oiriúnú do na táirgeachtaí iarbhír agus d'athrú aeráide, agus na planduithe fíniúnacha atá ann cheana féin á n-urramú. Tá an méid sin fíor go háirithe maidir le limistéar Verona, a bhfuil 80 % de limistéar fíonsaothrúcháin ATFC Garda iomlán ann. Go sonrach, maidir le táirgeacht na gcineálacha fíonchaoire gile atá oiriúnach don bhunfhíon a tháirgeadh le haghaidh fíon súilíneach, go príomha Garganega, ní mór an táirgeacht sin a oiriúnú ar dtús, agus ina dhiaidh sin na cineálacha níos idirnáisiúnta eile atá sa chumasc amhail Chardonnay agus Pinot Grigio. Maidir le fíonchaora dubha, tá bonn cirt leis an gcoigeartú táirgeachta in aghaidh an heicteáir de bharr athruithe bainistíochta fíonghoirt lena mbaineann dlús plandála fíniúna níos airde in aghaidh an heicteáir. Oireann na cineálacha Garda Bianco agus Garda Rosé is fearr dá bpróiseáil chun fíonta leathshúilíneacha agus fíonta súilíneacha a dhéanamh.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 5, 'Uastáirgeachtaí' den doiciméad aonair.

2.8. *Cleachtais saothraithe le haghaidh Passito Bianco agus Passito Rosso*

Tuairisc: Maidir leis na cineálacha Passito Bianco agus Passito Rosso, ceadaítear sórtáil na bhfíonchaor buainte san fhíonghort le haghaidh suas le 65 % den uastáirgeacht fíonchaor in aghaidh an heicteáir a leagtar síos i gcomhair gach cineáil.

Cúiseanna: Cleachtas fíonóireachta traidisiúnta i limistéar Garda is ea é fíonchaora a shórtáil san fhíonghort. Ceadaítear é le haghaidh chineálacha Passito Bianco agus Passito Rosso ATFC Garda amháin.

Sa chleachtas traidisiúnta de shórtáil san fhíonghort, le haghaidh fíonchaora atá beartaithe chun Passito Bianco agus Passito Rosso amháin a tháirgeadh, déantar na triopaill fíonchaor is oiriúnaí do thriomú (i.e. triopaill atá slán agus cuibheasach scaoilte) a roghnú san áitreabh iomchuí.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 5.2 'Uastáirgeachtaí' den doiciméad aonair.

2.9. *Triomú fíonchaor le haghaidh fíonta Passito*

Tuairisc: Cuireadh triomú leis mar phróiseas fíonóireachta.

Cúiseanna: Sa limistéar fíonóireachta Garda meastar go bhfuil triomú fíonchaor ina chleachtas traidisiúnta.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 5 den tsonraíocht táirge.

2.10. *Maolú maidir le fíonóireacht*

Tuairisc: Is féidir le fíonlanna agus comharchumainn fíona atá suite i mbardas Montecchio Maggiore próisis fíonóireachta a dhéanamh freisin, mar ab amhlaidh an cás cheana féin do bhardas Gambellara.

Cúiseanna: Maidir leis an mbardas Montecchio Maggiore a chur leis, iarradh é sin ag grúpa comharchumann fíona a chuíchóirigh a saoráidí fíonóireachta trí chumaisc.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 9, 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise' den doiciméad aonair.

2.11. *Méadú ar an táirgeacht fíonchaor/fíona*

Tuairisc: Le haghaidh dhá chineál fíona amháin, i.e. ATFC Garda Bianco agus ATFC Garda Garganega, rinneadh foráil maidir le méadú ar an táirgeacht fíonchaor/fíona ó 70 % go 75 %, go háirithe maidir le táirgeadh fíonta súilíneacha agus fíonta leathshúilíneacha.

Cúiseanna: I limistéar Verona meastar táirgeacht fíonchaor/fíona 75 % a bheith ina paraiméadar teicniúil seanbhunaithe le haghaidh an chineáil Garganega. Dá thoradh sin, coigeartaíodh an táirgeacht sin le haghaidh an chineáil Garganega ATFC Garda agus an chineáil Bianco ATFC Garda, arb é Garganega an cineál is mó a úsáidtear astu siúd.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 5 den tsonraíocht táirge.

2.12. *Rialacha oibriúcháin agus cobhsaíochta chun freagairt don mhargadh*

Tuairisc: Chun bheith in ann freagairt don mhargadh, cuireadh rialacha leis maidir le rialú agus cobhsú táirgthe.

Cúiseanna: Is iad seo na rialacha maidir le bainistíocht táirgthe ar bhonn éilimh oibiachtúil sa mhargadh, agus leagtar síos iad i reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagail 4 agus 5 sa tsonraíocht táirge.

2.13. *Maolú maidir leis an limistéar táirgthe fíona shúilínigh*

Tuairisc: Maidir le coipeadh tánaisteach na bhfíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha, leathnaíodh an limistéar táirgthe chuig críoch riaracháin uile réigiúin Lombardy agus Veneto agus chuig limistéir a bhfuil teorainn acu leis na réigiúin sin.

Cúiseanna: Comhlíonann an sainmhíniú ar limistéar táirgthe níos leithne le haghaidh coipeadh tánaisteach fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha na ceanglais a bhaineann le táirgeadh fíonta súilíneacha i gcomhréir leis na cuspóirí maidir le díolacháin idirnáisiúnta mhéadaithe d'fhíon ATFC Garda.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 9, 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise' den doiciméad aonair.

2.14. *Tuairisceoirí ceimiceacha agus fisiceacha leasaithe le haghaidh fíonta atá réidh lena n-ól*

Tuairisc: Cuireadh tuairiscí le saintréithe ceimiceacha, fisiceacha agus orgánaileipteacha na gcineálacha nua, i.e. Garda Bianco, Garda Rosso agus Garda Rosé, arna miondealú de réir na catagóire (fíon leathshúilíneach, fíon súilíneach agus Passito). Is amhlaidh an cás maidir le cineálacha nua ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire, is iad sin Garganega Frizzante, Pinot Grigio Frizzante, Pinot Grigio Spumante agus Chardonnay Frizzante. Ina theannta sin, rinneadh roinnt tuairisceoirí a bhí róchineálach a leasú agus a shoiléiriú.

Cúiseanna: Leagadh amach ar bhealach níos mionsonraithe saintréithe ceimiceacha, fisiceacha agus orgánaileipteacha gach cineáil agus leagain, amhail gan súilíní, leathshúilíneach, súilíneach agus Passito, trí bhíthin tuairisceoirí agus paraiméadair cheimiceacha agus fhisiceacha bunaithe ar shonraí oibiachtúla céadfacha anailíseacha comparáideacha.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 6 den tsonraíocht táirge, agus pointe 4, 'Tuairisc ar na fíonta', den doiciméad aonair.

2.15. *Gan an bhliain táirgthe a shonrú le haghaidh fíonta súilíneacha agus leathshúilíneacha*

Tuairisc: Tá na fíonta leathshúilíneacha agus fíonta súilíneacha uile díolmhaithe ón oibleagáid an bhliain táirgthe a shonrú ar an lipéad.

Cúiseanna: Is gnáthchleachtas tráchtála é gan an bhliain saothrúcháin fíonchaoire a phriontáil ar lipéad na bhfíonta leathshúilíneacha agus súilíneacha.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 7 den tsonraíocht táirge agus pointe 9, 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise' den doiciméad aonair.

2.16. *Forálacha breise a bhaineann le lipéadú*

Tuairisc: Níor cheart an focal 'bianco' (geal) a bheith ar lipéadú ná cur i láthair fhíonta Spumante ATFC Garda Bianco.

Cúiseanna: De réir na straitéise margaíochta le haghaidh fíonta súilíneacha, níor cheart ach an tásc geografach 'Garda' amháin a chur i dtábhacht.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 7 den tsonraíocht táirge agus pointe 9 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair.

2.17. *Fíonta Passito Bianco agus Passito Rosso a scaoileadh lena n-ól*

Tuairisc: Ní féidir na cineálacha Passito Bianco agus Passito Rosso ATFC Garda a mhargú ach tar éis an 1 Meán Fómhair den bhliain tar éis na bliana saothrúcháin fíonchaoire.

Cúiseanna: Is rogha cáilíochtúil amháin é sin le haghaidh fíonta Passito, i gcomhréir le hainmniúchán eile de limistéar Garda.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 7 den tsonraíocht táirge agus pointe 9 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair.

2.18. *Rialacha sonracha maidir le pacáistíocht*

Tuairisc: i dteannta buidéil ghloine, is féidir dáileoirí mála i mbosca agus drumaí cruach a úsáid freisin mar choimeádáin agus ábhair.

Cúiseanna: I gcomhthéacs na trádála idirnáisiúnta agus margaí éagsúla is freagairt beartais riachtanach í coimeádáin seachas buidéil ghloine a úsáid.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 8 den tsonraíocht táirge agus pointe 9 'Coinníollacha breise' den doiciméad aonair.

2.19. *Tuairisc ar an nasc leis an gcomhshaol a chur leis*

Tuairisc: Cuireadh mír leis an nasc cúisíoch idir an cháilíocht, saintréithe an táirge, an timpeallacht gheografach agus na fachtóirí nádúrtha agus daonna, lena leagtar amach na saintréithe táirge i ndáil le gach catagóir sonrach fíona.

Cúiseanna: Chun na catagóirí nua a mhíniú i ndáil leis na cineálacha aonair, leagadh amach saintréithe an fhíona chomh maith leis an nasc leis an gcomhshaol chun an tuairisc atá ann cheana sa téacs atá i bhfeidhm a chomhlánú.

Codanna a ndéanann an leasú difear dóibh: Airteagal 9 den tsonraíocht táirge agus pointe 8 'Tuairisc ar an nasc (na naisc)' den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Garda

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. Fíon súilíneach

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Garda Bianco

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil agus glasbhuí ag teacht air uaireanta;

Dea-bholadh: éadrom, mín, le boladh de bhláthanna bána agus/nó de thorthaí bána;

Blas: idir tirim agus meántirim, comhchuí, tathagach, de thorthaí bána, meántirim uaireanta;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 16 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Garda Garganega (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire gile, lena n-áirítear déchineálacha)

Dath: dath buí ar dhath na tuí agus beagán de dhath glasbhuí ag teacht air;

Dea-bholadh: taitneamhach, mín, le himreacha torthaí bána;

Blas: úr, comhchuí, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. Garda Pinot Bianco (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire gile)

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: taitneamhach, le himreacha torthaí bána agus uaireanta freisin luibheanna aramatacha;

Blas: Blas: úr, comhchuí, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

4. Garda Pinot Grigio (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire gile, lena n-áirítear déchineálacha)

Dath: buí ar dhath na tuí, uaireanta le frithchaithimh ar dhath crónbhuí nó beagán bándearg;

Dea-bholadh: taitneamhach, mín, le himreacha torthaí bána;

Blas: úr, comhchuí, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. Garda Chardonnay (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire gile, lena n-áirítear déchineálacha)

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: taitneamhach, le himreacha bláthanna bána agus torthaí coimhthíocha;

Blas: Blas: úr, comhchuí, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

6. Garda Riesling (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire gile)

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: taitneamhach, le himreacha torthaí citris agus uaireanta freisin luibheanna aramatacha;

Blas: úr, comhchuí, fada, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

7. Garda Cortese (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire gile)

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: taitneamhach, mín, le himreacha torthaí bána;

Blas: úr, cothrom, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 15 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

8. Garda Sauvignon (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire gile)

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: éadrom, beagán aramatach;

Blas: dian, blasta, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

9. Garda Bianco Passito

Dath: buí ar dhath na tuí de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: dian, le himreacha torthaí bána triomaithe, atá ina saintréith de thriomú páirteach;

Blas: idir tirim agus milis, comhchuí, marthanach, beagán aramatach uaireanta;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 14 %, le neart iarbhír alcóil 12 % ar a laghad;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 28 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

10. Garda Rosso

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, le boladh de shubh torthaí dearga;

Blas: comhchuí, measartha aigéadach, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

11. Garda Cabernet (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire duibhe)

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: fíonmhar, le boladh torthaí dearga, beagán féarmhar uaireanta;

Blas: comhchuí, beagán tainneach uaireanta, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

12. Garda Cabernet Sauvignon (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire duibhe)

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: dian, le boladh torthaí dearga, beagán spíosrach uaireanta agus b'fhéidir blasanna plandúla;

Blas: comhchuí, beagán tainneach uaireanta, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

13. Garda Merlot (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire duibhe)

Dath: dath an rúibín, dian uaireanta;

Dea-bholadh: fíonmhar, le boladh de shubh torthaí dearga;

Blas: iomlán, comhchuí, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

14. Garda Pinot Nero (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire duibhe)

Dath: dath an rúibín, éadrom uaireanta, le toin oráiste b'fhéidir;

Dea-bholadh: mín le boladh de thorthaí beaga na foraoise, spíosrach uaireanta;

Blas: tirim, comhchuí agus marthanach;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

15. Garda Marzemino (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire duibhe)

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: dian, le boladh de shubh torthaí dearga, spíosrach uaireanta;

Blas: comhchuí, marthanach, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 10,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 18 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

16. Garda Corvina (ar a bhfuil tásc an chineáil fíonchaoire duibhe)

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil;

Dea-bholadh: éadrom, le dea-bholaithe de shubh torthaí dearga;

Blas: comhchuí agus cothrom, idir tirim agus meántirim;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 11,5 %;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

17. Garda Rosso Passito

Dath: dath dearg an rúibín, uaireanta le frithchaitheamh ar dhath an ghairnéid;

Dea-bholadh: dian, le blasanna sainiúla de thorthaí dearga triomaithe, spíosrach uaireanta;

Blas: idir tirim agus milis, taitneamhach, comhchuí, tathagach;

Íosneart alcóil iomlán de réir toirte: 14 %, le neart iarbhír alcóil 12 % ar a laghad;

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 28 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
